# Tugaimis faoin gCáin

## Cánacha Díreacha agus Indíreacha

### Dleacht Mháil:

Cáin a úsáidtear chun tomhailt a dhíspreagadh agus a íoctar ar olaí mianracha (peitreal, díosal, ceirisín), ar tháirgí tobac agus alcól.

### Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)

Cáin a íoctar ar an ús a thuilltear ar choigiltis.

### Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

Cáin a íoctar ar an mbrabús a dhéantar ar shócmhainní a dhíol.

### Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU):

Cáin ar ioncam fostaí.

### Cáin Bhreisluacha (CBL):

Is cáin í seo a ghearrtar ar earraí agus seirbhísí a íocann an tomhaltóir deiridh.

### Cáin Ioncaim

Cáin ar ioncam fostaí. Is iad 20% agus 40% na rátaí reatha.

### Dleacht Stampa

Is cáin í seo a íoctar ar na doiciméid i scríbhinn a dhéanann úinéireacht talún agus foirgnimh a aistriú. Chomh maith leis sin, is cáin í a ghearrtar ar shealbhóirí cuntais ar chártaí airgeadais, ar chártaí muirir agus ar chártaí creidmheasa.

### Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC):

Cáin a ghearrtar ar bhronntanas nó oidhreacht.

### Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ):

Cáin fhéinmheasúnaithe is ea seo atá bunaithe ar luach margaidh an tí in Éirinn.

## Gníomhaíocht 1

- Grúpáil na cánacha atá liostaithe ar chlé ina gcánacha díreacha agus indíreacha.

  **Cáin Dhíreach:** Cáin íoctha ar ioncam agus ar ghnóthachain. **Cáin Indíreach:** Cáin a íoctar ar earraí agus seirbhísí.

1.4 Mínigh na príomhchánacha agus muirir phearsanta, agus luaigh cén uair a thagann siad chun cinn, agus cén fáth.

## Gníomhaíocht 2

- Ag baint úsáide as na sainmhínithe ar dheis, aithin na gnéithe éagsúla de dhuillín pá Lucy.
- Líon isteach duillín pá Lucy chun a glanphá a fháil más rud é:
  - go n-íocann sí cáin ag 20%,
  - go n-íocann sí ÁSPC ag 4%,
  - go bhfuil creidmheasanna cánach seachtainiúla €68 aici.

1.11 Scrúdaigh duillín pá agus déan suimiú ar an dliteanas cánach pearsanta a eascraíonn as fostaíocht.

### Ainm na Cuideachta: Mo Chuideachta Teo

**Ainm an Fhostaí:** Luighseach de Búrca **Minicíocht:** Seachtainiúil
**UPSP:** 1234567AA **Dáta Pá:** 06/01/2023

| Íocaíochtaí | | Asbhaintí | |
|---|---|---|---|
| Bunphá | €300.00 | ÍMAT | |
| Ragobair | €75.00 | MSU | €20.00 |
| | | ÁSPC | |
| | | Táillí ceardchumainn | €4.00 |
| **Pá Comhlán** | €375.00 | **Asbhaintí Iomlána** | |
| | | **Glanphá** | |

## Gníomhaíocht 3

- Is tusa Rialtas na hÉireann. Tá €100 billiún le caitheamh agat don bhliain.
- Ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí déan rangú ar na réimsí caiteachais atá le feiceáil ar dheis ó 1. an ceann is tábhachtaí, go dtí 8. an ceann is lú a bhfuil tábhacht leis.
- Déan taifead den mhéid a chaithfeá ar gach réimse caiteachais.

DÉAN SCANADH

Cá dtéann do chuid airgid

3.5 Scrúdú a dhéanamh ar aidhmeanna an chánachais ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlí agus eiticiúla de.

- Cosaint Shóisialta
- Sláinte
- Oideachas
- Ceartas
- Talmhaíocht
- Seirbhísiú Fiachais agus Íocaíochtaí AE
- Iompar
- Caiteachas eile de chuid Ranna Rialtais

1. ____
2. ____
3. ____
4. ____
5. ____
6. ____
7. ____
8. ____


## Gníomhaíocht 4

- Is mian leis an Rialtas Geilleagar Ciorclach a thabhairt isteach chun cabhrú le hÉirinn laghdú 51% a dhéanamh ar a cuid astaíochtaí ceaptha teasa roimh 2030. Ciallaíonn Geilleagar Ciorclach gur chóir dúinn ár n-earraí a dheisiú agus a athúsáid nó a roinnt agus a mhalartú chun dramhaíl a laghdú.
- Tá sé i gceist ag an Rialtas Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn tríd an bpraghas ar earraí aon uaire a mhéadú, amhail cupáin chaife indiúscartha.
- Déan díospóireacht ar son nó i gcoinne an ráitis seo a leanas: Is bealach maith atá ann níos mó airgid a íoc le haghaidh earraí aon uaire, amhail cupáin caife, chun Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn.

DÉAN SCANADH

Beartas Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann

3.11 Measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na costais a bhaineann le beartas eacnamaíoch rialtais agus measúnú a dhéanamh ar cé a bhaineann leas as na buntáistí agus cé a sheasann na costais.




## Sainmhínithe Duillín Pá

### Bunphá

An méid a fuarthas as gnáthsheachtain oibre.

### Pá Comhlán

Pá iomlán roimh asbhaintí.

### Glanphá

Pá glan tar éis asbhaintí.

### Ragobair

An méid a fuarthas as níos mó uaireanta a oibriú ná gnáthsheachtain oibre an fhostaí.

### Duillín Pá

Doiciméad a fhaigheann fostaí óna bhfostóir nuair a íoctar iad. Léiríonn an duillín pá, pá comhlán an fhostaí agus aon asbhaintí a tógadh.

### Asbhaintí Reachtúla

Asbhaint éigeantach a rinne an fostóir de réir ceangal dlí agus a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

### Creidmheasanna Cánach

Tugtar creidmheasanna cánach do dhaoine aonair ar bhonn bliantúil. Laghdaíonn siad an méid Cánach Ioncaim a bhfuil gá do dhuine aonair a íoc.

### Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Ranníocaíocht shóisialta a íocann formhór na bhfostaithe agus na bhfostóirí a chabhraíonn le sochair leasa shóisialaigh agus pinsin stáit a íoc.


Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Revenue — Cáin agus Custaim na hÉireann — Irish Tax and Customs